| An Mheitheal Forbartha don Ghaeilge_ Tuairisc<br><br>10 Márta 2014<br><br>An Ceathrú Cruinniú | |
|---|---|
| **Tús** | Glacadh leis na miontuairiscí a bhaineann leis an tríú cruinniú (26 Feabhra 2014) |
| **Na Ráitis Foghlama** | Bhí tugtha faoi deara ag an Oifigeach Oideachais go raibh dá leagan éagsúla de na Ráitis Foghlama ar cháipéisí a tháinig ón ROS. Tá impleachtaí aige sin don chuid seo den obair shonraíochta. Féach anseo 1 agus anseo 2 . Tá soiléiriú ón ROS ag teastáil maidir leis an fhoclaíocht is údarásaí, ach baineann deacrachtaí fós leis an dá leagan seo. Idir an dá linn aontaíodh dul ag obair leis an bhfoclaíocht i mBéarla ar na *Statements of Learning* (ar lch 6 de **Framework For Junior Cycle**).<br><br>Rinneadh na ráitis foghlama a aontaíodh le linn Cruinniú 2 a shíneadh amach agus a cheangail leis an sonrúchán nua don Ghaeilge, agus an dá chomhthéacs T1 agus T2 bheith curtha san áireamh. (RF1; RF2; RF3; RF4; RF6; RF7; RF8; RF16; RF23; RF24.) |
| **Sonrúchán don Ghaeilge** | Rinneadh eagarthóireacht ar an bhfoclaíocht a bhaineann leis na míreanna seo den sonrúchán:<br>Intreoir don tSraith Shóisearach, An Réasúnaíocht agus An Aidhm. |
| **Litearthacht agus uimhearthacht** | Bhí sé i gceist naisc a dhéanamh idir an Ghaeilge agus an litearthacht/uimhearthacht ach ní raibh a dhóthan ama ann. |
| **An chéad chruinniú eile** | 25 Márta 2014 |